



2024/3182

16.12.2024

CINNEADH (CBES) 2024/3182 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Nollaig 2024

lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ⁽¹⁾.
- (2) Sna conclúidí uaithi an 17 Deireadh Fómhair 2024, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus d'athdhearbhaigh sí go dtacaíonn sí i gcónaí le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl freisin go bhfuil an tAontas faoi réir le teorainn bhreise a chur le cumas na Rúise cogadh a fhearadh, lena n-áirítear trí smachtbhannaí a fhorchur agus bearta breise a dhéanamh chun teacht timpeall ar na smachtbhannaí a chomhrac, lena n-áirítear trí thríú tíortha.
- (3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, is iomchuí bearta sriantacha breise a ghlacadh.
- (4) Measann an Chomhairle go háirithe gur cheart 54 dhuine agus 30 n-eintiteas atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.
- (5) Mar fhreagairt ar dhlíthíocht mhéadaitheach agus bearta díoltais sa Rúis lena gcuirtear ar a gcumas d'eintitis ainmnithe áirithe agus dá gcliaint fholuiteacha sócmhainní thaisclanna lárnacha urrús san Aontas atá á sealbhú sa Rúis a urghabháil, gan toiliú ó na taisclanna sin a fháil roimh ré, is iomchuí maolú a thabhairt isteach faoinar féidir le taisclanna lárnacha urrús, de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, san Aontas a iarraidh ar údaráis inniúla na mBallstát iarmhéideanna airgid thirim a dhíreo ionas gur féidir le taisclanna lárnacha urrús san Aontas na hiarmhéideanna airgid thirim sin nach bhfuil dlite a thuilleadh d'eintitis ainmnithe a úsáid chun oibleagáidí dlíthiúla na dtaisclann sin i leith a rannpháirtithe a chomhlíonadh.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES mar a leanas:

- (1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo leanas in ionad mhír 29:

‘29. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh údaráis inniúla Bhallstáit, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, a údarú cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil do na daoine aonair a liostaítear faoi uimhreacha iontrála 92, 694 agus 920 faoin gceannteideal “Daoine” san Iarscríbhinn, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

- (a) gur gá na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha chun go ndíolfar agus go n-aistreofar faoin 30 Meitheamh 2025 cearta dílseánaigh i nduine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas, ar cearta iad atá faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach duine de na daoine aonair sin; agus

- (b) go bhfuil fáiltais an díola agus an aistrithe sin reoite.’;

⁽¹⁾ Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE) (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1)

(2) in Airteagal 2, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘33. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh údaráis inniúla de chuid Ballstáit a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, go scaoilfear iarmhéideanna airgid thirim arna reo ag taisclann lárnach urrús de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus atá inchurtha i leith an eintitis a liostaítear faoi uimhir iontrála 101 faoin gceannteideal “Eintitis” san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo nó i leith eintitis eile a liostaítear faoin gceannteideal sin, tar éis dóibh a chinneadh go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) coinníonn na taisclanna lárnacha urrús lena mbaineann cuntas nó cuntais ar bun leis an eintiteas a liostaítear faoi iontráil uimhir 101 faoin gceannteideal “Eintitis” san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo;
- (b) coinníonn an t-eintiteas a liostaítear faoi iontráil uimhir 101 faoin gceannteideal “Eintitis” san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo nó eintiteas eile a liostaítear faoin gceannteideal sin cuntas nó cuntais ar bun leis an taisclann lárnach urrús a bhfuil an t-iarmhéid airgid atá le scaoileadh ina seilbh aici;
- (c) an t-eintiteas a liostaítear faoi iontráil uimhir 101 faoin gceannteideal “Eintitis” san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo., tá méid curtha do dhochar an chuntais nó do dhochar na gcuntas dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo aige, de bhun dlí, foraithe, rialacháin, cinneadh breithiúnach nó riaracháin nó aon bheart eile, atá inchurtha go díreach nó go hindíreach i leith Chónaidhm na Rúise, gan toiliú ón taisclann lárnach urrús lena mbaineann a fháil roimh ré;
- (d) tá an t-iarmhéid airgid scaoilte le húsáid ag na taisclanna lárnacha urrús lena mbaineann chun a hoibleagáidí dlíthiúla i leith a rannpháirtithe a chomhlíonadh agus níl an t-iarmhéid sin níos mó ná an méid atá curtha do dhochar an chuntais nó do dhochar na gcuntas dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír seo; agus
- (e) ní chuirtear an t-iarmhéid airgid thirim arna scaoileadh ar fáil de sháru ar mhír 2 den Airteagal seo.’;

(3) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES: Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘1826.	Alexander Nikolaevich ALUEV Rúisis: Александр Николаевич АЛҮЕВ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 10.4.1975 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 370306405600 Pasuimhir: 2402 624976	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Alexander Aluev sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Alexander Aluev le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1827.	Alexander Yurievich AZARENKOV Rúisis: Александр Юрьевич АЗАРЕНКОВ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 26.9.1980 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 644919379909 Pasuimhir: 2402 605068	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Alexander Azarenkov sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Alexander Azarenkov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1828.	Alexander Sergeevich KASHLEV Rúisis: Александр Сергеевич КАШЛЕВ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 14.12.1983 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 203603641975 Pasuimhir: 0305 316059	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Alexander Kashlev sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Alexander Kashlev le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1829.	Alexander Sergeevich POKATISOV Rúisis: Александр Сергеевич ПОКАТИСОВ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 29.8.1985 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 753100100020 Pasuimhir: 6104290374	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Alexander PokatISOV sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Alexander PokatISOV le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1830.	Alexey Gennadievich PECHKAREV Rúisis: Алексей Геннадьевич ПЕЧКАРЕВ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 30.11.1973 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 644913279249 Pasuimhir: 6318 558133	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Alexey Pechkarev sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Alexey Pechkarev le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1831.	Alexey Sergeevich TSIBIZOV Rúisis: Алексей Сергеевич ЦИБИЗОВ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 30.11.1973 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 644911696825 Pasuimhir: 6304164234	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Alexey Tsibizov sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Alexey Tsibizov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1832.	Andrey Ivanovich MALYUKOV Rúisis: Андрей Иванович МАЛЮКОВ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 20.10.1969 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 644919366515 Pasuimhir: 6314 103943	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Andrey Malyukov sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív.. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Andrey Malyukov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1833.	Andrey Pavlovich MARTYNOV Rúisis: Андрей Павлович МАРТЫНОВ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 13.8.1976 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 644933810676 Pasuimhir: 6321 842418	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Andrey Martynov sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Andrey Martynov le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1834.	Denis Petrovich KHOKHRYAKOV Rúisis: Денис Петрович ХОХРЯКОВ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 26.6.1987 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 182202232900 Pasuimhir: 4914082259	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Denis Khokhryakov sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Denis Khokhryakov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1835.	Dmitry Viktorovich STEPANENKO Rúisis: Дмитрий Викторович СТЕПАНЕНКО	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 23.5.1975 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 263108631385 Pasuimhir: 6320716839	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Dmitry Stepanenko sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Dmitry Stepanenko le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1836.	Ilya Vladimirovich KORYAKIN Rúisis: Илья Владимирович КОРЯКИН	Feidhm: Ceann foirne an 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 26.8.1977 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Pasuimhir: 2921071877	Tá Ilya Koryakin ina cheann foirne ar an 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar cheann foirne an 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Ilya Koryakin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1837.	Konstantin Petrovich BELOKOBYSKY Rúisis: Константин Петрович БЕЛОКОБЫЛЬСКИЙ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 2.6.1977 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 745006068425 Pasuimhir: 7503 061013	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Konstantin Belokobylsky sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Konstantin Belokobylsky le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1838.	Maxim Vladislavovich SMIRNOV Rúisis: Максим Владиславович СМIRHOV	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 24.4.1977 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 510803348998 Pasuimhir: 4703 680306	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Maxim Smirnov sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Maxim Smirnov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1839.	Nikolay Mukashevich PAPIKYAN Rúisis: Николай Лукашевич ПАПИКЯН	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 22.8.1974 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 644918386540 Pasuimhir: 6319 629784	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Nikolay Papikyan sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Nikolay Bulaev le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1840.	Nikolay Nikolaevich VARPAKHOVICH Rúisis: Николай Николаевич ВАРПАХОВИЧ	Feidhm: Ceannasaí an 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 29.5.1970 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 282401037054 Pasuimhir: 6114904712	Is é Nikolay Varpakhovich Ceannasaí an 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar Cheannasaí an 22ú rannán sin eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Nikolay Varpakhovich le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1841.	Oleg Yurievich BARANOV Rúisis: Олег Юрьевич БАРАНОВ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 23.5.1967 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 644913139788 Pasuimhir: 6311 765564	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Oleg Baranov sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Oleg Baranov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1842.	Oleg Vladimirovich МИХАЙЛИШЫН Rúisis: Олег Владимирович МИХАЙЛИШИН	Feidhm: Leas-Cheannasaí sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 17.11.1970 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 644919001017 Pasuimhir: 6315231975	Is Leas-Cheannasaí é Oleg Mikhailishyn sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar Leas-Cheannasaí sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Oleg Mikhailishyn le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1843.	Oleg Igorevich SKITSKY Rúisis: Олег Игоревич СКИТСКИЙ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 24.7.1980 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 644922239676 Pasuimhir: 6805 254349	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Oleg Skitsky sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Oleg Skitsky le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1844.	Pavel Vladimirovich BURDAKOV Rúisis: Павел Владимирович БУРДАКОВ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 5.2.1975 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 531501567109 Pasuimhir: 6319 681643	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Pavel Burdakov sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Pavel Burdakov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1845.	Ruslan Arslanovich SOLOVYOV Rúisis: Руслан Арсланович СОЛОВЬЕВ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 18.7.1980 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 282402105204 Pasuimhir: 5700 256137	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Ruslan Solovyov sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Ruslan Solovyov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1846.	Sergey Vladimirovich DOLGUSHIN Rúisis: Сергей Владимирович ДОЛГУШИН	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 1.6.1973 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 644912914032 Pasuimhir: 6303409599	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Sergey Dolgushin sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Sergey Dolgushin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1847.	Sergey Viktorovich TETEREV Rúisis: Сергей Викторович ТЕТЕРЕВ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 10.7.1973 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 622710170634 Pasuimhir: 6118 073013	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Sergey Teterev sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Sergey Teterev le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1848.	Trofim Aleksandrovich KAPSHA Rúisis: Трофим Александрович КАПША	Feidhm: Leas-Cheannasaí sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 22.2.1978 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 28240321615 Pasuimhir: 6803906870	Is Leas-Cheannasaí sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda é Trofim Kapscha atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar Leas-Cheannasaí sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Trofim Kapscha le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1849.	Vitaly Evgenievich ZYKOV Rúisis: Виталий Евгеньевич ЗЫКОВ	Feidhm: Príomhinnealtóir an 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 14.3.1968 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 644912673838 Pasuimhir: 6313 883757	Is é Vitaly Zykov príomhinnealtóir an 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar phríomhinnealtóir sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Vitaly Zykov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1850.	Vladimir Aleksandrovich GORLOV Rúisis: Владимир Александрович ГОРЛОВ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 23.4.1968 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 644919381908 Pasuimhir: 6313884686	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Vladimir Gorlov sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Vladimir Gorlov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1851.	Vladislav Bronislavovich TATUR Rúisis: Владимир Брониславович ТАТУР	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 26.10.1971 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 282400316023 Pasuimhir: 6316326084	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Vladislav Tatur sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Vladislav Tatur le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1852.	Vladislav Sergeevich GOVOROV Rúisis: Владислав Сергеевич ГОВОРОВ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 13.4.1988 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 644934663382 Pasuimhir: 0308 912623	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Vladislav Govorov sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Vladislav Govorov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1853.	Vladislav Viktorovich MALININ Rúisis: Владислав Викторович Малинин	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 12.7.1978 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 644922317500 Pasuimhir: 6802 616854	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Vladislav Malinin sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Vladislav Malinin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1854.	Vyasheslav Georgievich GOLOVANOV Rúisis: Вячеслав Георгиевич ГОЛОВАНОВ	Feidhm: Fear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 Dáta breithe: 1.10.1972 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 644925496304 Pasuimhir: 6317 427552	Is fear seirbhíse míleata Rúiseach é Vyacheslav Golovanov sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda atá lonnaithe in aerbhunáit Engels-2 i Saratov, an Rúis. I mí Iúil 2024, rinne an rannán sin ionsaí diúracáin Kh-101 ar ospidéal leanaí Okhmadyt i gCív. Ina cháil mar fhear seirbhíse míleata sa 22ú rannán eitlíochta trombhuamála den Gharda, tacaíonn Vyacheslav Golovanov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1855.	Fedor Fedorovich POTEKHIN Rúisis: Федор Федорович ПОТЕХИН	Feidhm: Ard-Stiúrthóir LLC Gumich RTK Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Fedor Potekhin Ard-Stiúrthóir LLC Gumich RTK a tháirgeann ardáin róbait Impulse-M, a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus a ndearna Fórsaí Armtha na Rúise tástáil allamuigh orthu cheana féin ó shamhradh 2024. Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir LLC Gumich RTK, tá Fedor Potekhin ag tacú le gníomhaíochtaí ar bagairt iad ar iomláine chríochach na hÚcráine, nó á gcur chun feidhme. Ina theannta sin, tá baint aige le LLC Gumich RTK.	16.12.2024
1856.	Alexander Valerievich GAVRILOV Rúisis: Александр Валерьевич ГАВРИЛОВ	Feidhm: Ard-Stiúrthóir LLC Gumich Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Alexander Gavrilov Ard-Stiúrthóir LLC Gumich, a bhfuil an chuideachta LLC Gumich RTK go hiomlán faoina úinéireacht. Is cuideachta Rúiseach é LLC Gumich RTK a tháirgeann ardáin róbait Impulse-M, a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus a ndearna Fórsaí Armtha na Rúise tástáil allamuigh orthu cheana féin ó shamhradh 2024. Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir LLC Gumich, tá Alexander Gavrilov ag tacú le gníomhaíochtaí ar bagairt iad ar iomláine chríochach na hÚcráine. Ina theannta sin, tá baint aige le LLC Gumich.	16.12.2024
1857.	Alexey Leonidovich NEFEDOV Rúisis: Алексей Леонидович НЕФЕДОВ	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC Rosnefteflot Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Alexey Nefedov Ard-Stiúrthóir JSC Rosnefteflot, ar cuideachta Rúiseach é a iompraíonn amhola agus táirgí ola ar muir, lena n-áirítear chun críoch onnmhairithe. Soláthraíonn an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir JSC Rosnefteflot, is duine gnó é Alexey Nefedov atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, an rialtas atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir JSC Rosnefteflot, tá baint ag Alexey Nefedov le JSC Rosnefteflot.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1858.	Pavel Vladimirovich BABIN Rúisis: Павел Владимирович Бабин	Feidhm: Ard-Stiúrthóir LLC Investneftetrade Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Pavel Babin Ard-Stiúrthóir LLC Investneftetrade, ar cuideachta Rúiseach é a iompraíonn amhola agus táirgí ola ar muir, lena n-áirítear chun críoch onnmhairithe. Soláthraíonn an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir LLC Investneftetrade, is duine gnó é Pavel Babin atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, an rialtas atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir LLC Investneftetrade, tá baint ag Pavel Babin le LLC Investneftetrade.	16.12.2024
1859.	Igor Alexandrovich GANIN Rúisis: Игорь Александрович ГАНИН	Feidhm: Ard-Stiúrthóir LLC Prime Shipping Dáta breithe: Neamhbhainteach Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Igor Ganin Ard-Stiúrthóir LLC Prime Shipping, ar cuideachta Rúiseach é a iompraíonn amhola agus táirgí ola ar muir, lena n-áirítear chun críoch onnmhairithe, é Igor Ganin. Soláthraíonn an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir LLC Prime Shipping, is duine gnó é Igor Ganin atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, an rialtas atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir LLC Prime Shipping, tá baint ag Igor Ganin le LLC Prime Shipping.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1860.	Andrey Yurievich KALYUZHNY Rúisis: Андрей Юрьевич КАЛЮЖНЫЙ	Feidhm: Cathaoirleach gníomhach bhord na corparáide stáit “Corparáid Forbartha Donbass” Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is, é Andrey Kalyuzhny cathaoirleach gníomhach bhord na corparáide stáit “Corparáid Forbartha Donbass”, ar eintiteas é a bhunaigh Daon-Phoblacht Donetsk, mar a thugtar uirthi, chun forbairt eacnamaíoch an réigiúin sin san Úcráin atá faoi fhorghabháil ag an Rúis a áirithiú. Tá an chorparáid ag éascú infheistíocht idirnáisiúnta sa réigiún freisin agus tá sí freagrach as tionscadail a chur i bhfeidhm a bhaineann le bonneagar a thógáil sa réigiún faoi fhorghabháil, agus é mar aidhm an réigiún a chomhtháthú a thuilleadh sa Rúis. Ina cháil mar chathaoirleach gníomhach “Corparáid Forbartha Donbass”, tá Andrey Kalyuzhny, dá bhrí sin, freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Ina theannta sin, tá baint aige leis an gcorparáid stáit “Corparáid Forbartha Donbass”.	16.12.2024
1861.	Vyacheslav Petrovich PETUSHENKO Rúisis: Вячеслав Петрович ПЕТУШЕНКО	Feidhm: Cathaoirleach bhord na cuideachta stáit “Avtodor” Dáta breithe: 20.2.1959 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is, é Vyacheslav Petushenko Cathaoirleach Bhord na Cuideachta Stáit “Avtodor”, arb é cuideachta seirbhíse bonneagair stáit agus mhórbhealaigh na Rúise é. Shínigh “Avtodor” comhaontú chun an ceart chun saorthaistil ar dhola-bhóithre a chur ar fáil d’fheithiclí a iompraíonn cabhair chuig limistéar chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin. Ina theannta sin, tá baint ghníomhach ag “Avtodor” le go leor bóithre a atógáil i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil ag an Rúis. Tá an obair atá á déanamh ag speisialtóirí “Avtodor” tugtha chun suntais, ar speisialtóirí iad a bhfuil baint acu le hathchóiriú bonneagair i gceantair faoi fhorghabháil. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí sin na críocha faoi fhorghabháil a lánpháirtiú sa Rúis trí réada bonneagair a thógáil. Ina cháil mar Chathaoirleach na Cuideachta Stáit “Avtodor”, tá gníomhaíochtaí nó beartais á gcur chun feidhme ag Vyacheslav Petushenko, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1862.	Pavel Gennadievich TOCHILIN Rúisis: Павел Геннадьевич ТОЧИЛИН	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC SPE “Aerosila” Dáta breithe: 15.2.1977 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 504501388297 Eintiteas comhlachaithe: JSC SPE “Aerosila” (cláruimhir: 1025005917023)	Is é Pavel Tochilin Ard-Stiúrthóir JSC SPE “Aerosila”. Is forbróir agus monaróir páirteanna aerárthaí éagsúla, amhail innill, liáin, agus gaothráin, Rúiseach é JSC SPE “Aerosila” . Soláthraíonn JSC SPE “Aerosila” a chuid táirgí do na monaróirí eitleóchta intíre. Úsáidtear táirgí na cuideachta chun aerárthaí míleata a chruthú a úsáideann Fórsaí Aerspáis na Rúise i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Mar shampla, tá an t-aonad cumhachta APD-115T san aerárthach gan fhoireann Orion feistithe le lián AV-115, arna mhonarú ag JSC SPE “Aerosila”). Ina theannta sin, tá ceart speisialta ag Cónaidhm na Rúise (“sciar órga”) chun páirt a ghlacadh i rialú JSC SPE “Aerosila”, rud a d’fhágfadh go mbeadh ceart cinntitheach vótála ag Cónaidhm na Rúise, ar na scairshealbhóirí eile agus cinntí móra á nglacadh aici. Ós rud é gurb é Tochilin Ard-Stiúrthóir JSC SPE “Aerosila”, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí na cuideachta sin agus, dá bhrí sin, tacaíonn sé le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus baineann sé leas airgeadais as, ar rialtas é atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	16.12.2024
1863.	Andrey Viktorovich KOCHERGA Rúisis: Андрей Викторович КОЧЕРГА	Feidhm: Ard-Stiúrthóir “PJSC Stavropol Radio Plant Signal” Dáta breithe: 24.3.1971 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 772740415741 Eintiteas comhlachaithe: PJSC “Stavropol Radio Plant Signal” (cláruimhir: 1022601930537)	Is é Andrey Kocherga Ard-Stiúrthóir PJSC “Stavropol Radio Plant Signal”. Tá PJSC “Stavropol Radio Plant Signal” ar cheann de na príomhmhonaróirí feistí raidió-leictreonacha d’Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Tá sé faoi úinéireacht na corparáide stáit Rostec. Úsáideann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise gairis arna dtáirgeadh ag PJSC “Stavropol Radio Plant Signal”, amhail ardáin chianrialaithe le haghaidh meaisínghunnaí ar thancanna PKT i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Rinne PJSC “Stavropol Radio Plant Signal” uasghrádú ar an ardán cianrialaithe meaisínghunnaí chun meaisínghunna tanc 7.62 mm a rialú, a dearadh in 2023, arna iarraidh sin go díreach ag arm na Rúise. Mar Ard-Stiúrthóir PJSC “Stavropol Radio Plant Signal”, tá Andrey Kocherga freagrach as gníomhaíochtaí na cuideachta agus, dá bhrí sin, tacaíonn sé le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1864.	Vladislav Vyacheslavovich KOSTIN Rúisis: Владислав Вячеславович КОСТИН	Feidhm: Ard-Stiúrthóir Joint Stock Company VNIIR-Progress Dáta breithe: 28.10.1983 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 772410397702 Eintiteas comhlachaithe: VNIIR-Progress	Is é Vladislav Kostin Ard-Stiúrthóir JSC VNIIR-Progress. Is institiúid taighde agus forbartha Rúiseach é JSC VNIIR Progress is speisialaí i dtáirgeadh ardchóras cogaíochta leictreonaí lena ndírítear ar theicneolaíochtaí le haghaidh trasnaíocht comharthaí agus bailiú faisnéise. Ceann dá phríomhtháirgí is ea an aeróg de chineál Kometa, atá deartha chun cur as don chumarsáid trí chur isteach ar mhinicíochtaí raidió, satailíte agus radair. Úsáideann an leagan Kometa-M, aeróg de chineál Kometa, a fhaightear i bhfeistí áirithe, mar shampla an t-aerárthach gan foireann Orlan-10 agus pacáistí buama treoraithe, eagair aerógacha oiriúnaitheacha chun frithsheasmhacht i gcoinne cur isteach leictreonach a fheabhsú, rud a chinntíonn go mbíonn díriú cruinn á dhéanamh fiú agus bearta cogaíochta leictreonaí á n-úsáid ag coimhlinteoir. Úsáidtear go forleathan airm ina bhfuil aeróga Kometa arna monarú ag JSC VNIIR-Progress i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus dá bhrí sin tá JSC VNIIR-Progress ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. I mí Lúnasa 2023, bhronn eagraithe an fhóraitm “Arm” gradam ar Vladislav Kostin as an méid a rinne sé chun fórsaí seachtracha na Rúise a neartú. Dá bhrí sin, tá Vladislav Kostin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar JSC VNIIR-Progress, ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1865.	Artyom Alexeevich ZDUNOV Rúisis: Артём Алексеевич ЗДУНОВ ar a dtugtar freisin Artem ZDUNOV	Feidhm: Ceann Phoblacht na Mordóive Dáta breithe: 18.5.1978 Áit bhreithe: Kazan, APSS roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 166008271036	Is é Artyom Zdunov Ceann Phoblacht na Mordóive (géillsineach de chuid chónaidhme na Rúise) ón 18 Samhain 2020 ar a laghad. Sa phost sin, bhí ról ceannaireachta ag Artyom Zdunov i gcur chun feidhme bheartas Rialtas na Rúise inar tógadh leanaí Úcránacha go neamhdhleathach as réigiúin na hÚcráine atá faoi rialú sealadach na Rúise, go háirithe trí ghluaiseacht leanaí ó réigiúin Úcránacha atá faoi fhorghabháil, go háirithe ó réigiún Kherson agus ó Kalanchak Raion go Poblacht na Mordóive. Tacaíonn Artyom Zdunov freisin le gníomhaíochtaí a dhéanann an eagraíocht “Movement of the First” i gcríocha faoi fhorghabháil; Ar eagraíocht í sin atá liostaithe ag an Aontas agus atá bainteach i gclár éagsúla darb aidhm oideachas a chur ar leanaí na hÚcráine, lena n-áirítear leanaí a díbríodh go neamhdhleathach chun na Rúise. Tá maoirseachta pearsanta freisin á déanamh ag Artyom Zdunov ar an tacaíocht a thugann réigiún Phoblacht na Mordóive do na hionadaithe forghabhála agus do na fórsaí forghabhála iréigiún Kherson, lena n-áirítear trí threalamh míleata a sheachadadh. Dá bhrí sin, tá Artyom Zdunov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad ar an méid sin. Tá baint aige freisin le “Movement of the First”.	16.12.2024
1866.	Nikolai Alexandrovich KOLESOV Rúisis: Николай Александрович КОЛЕСОВ	Feidhm: Ard-Stiúrthóir Russian Helicopters JSC Dáta breithe: 17.12.1956 Áit bhreithe: Kazan, APSS roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 166003912656	Tá Nikolai Kolesov ina Ard-Stiúrthóir ar Russian Helicopters JSC. Mar phríomhtháirgeoir héileacaptar míleata, is cuideachta thábhachtach é Russian Helicopters JSC i gcoimpléasc míleata tionsclaíoch na Rúise. Tá cineálacha éagsúla héileacaptar agus crua-earraí agus trealamh cosanta eile de chuid Russian Helicopters JSC in úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise ina gcogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Nikolai Kolesov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá baint aige freisin le Russian Helicopters JSC.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1867.	Alexander Alekseevich BALASHOV Rúisis: Александр Алексеевич Балашов	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC Plastmass Plant Dáta breithe: 21.9.1951 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 773610495096 Eintiteas comhlachaithe: Joint Stock Company Plastmass Plant	Is é Alexander Balashov Ard-Stiúrthóir JSC Plastmass Plant. Is eintiteas Rúiseach é JSC Plastmass Plant agus is cuid den chorparáid stáit Rostec é, a tháirgeann armlón airtléire d'Fhórsaí Armtha na Rúise, go háirithe gunnaí den chineál <i>howitzer</i> , a mbaineann arm na Rúise úsáid fhorleathan astu i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Alexander Balashov ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2024
1868.	KIM Yong Bok Cóiréis: 김영복 ar a dtugtar freisin KIM Young Bok	Feidhm: Post/poist: Leas-Cheann Foirne Fhoireann Ghinearálta Arm Pobail na Cóiré Áit bhreithe: Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré Náisiúntacht: An Chóiré Thuaidh Inscne: fireann	Is é Kim Yong Bok Leas-Cheann Foirne Fhoireann Ghinearálta Arm Pobail na Cóiré. De réir údaráis na hÚcráine agus Phoblacht na Cóiré, imscaradh é sa Rúis le déanaí in éineacht le trúpaí Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC) chun tacú le cogadh foghach na Rúise, agus is é atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar imscaradh trúpaí DPDC sa Rúis. Is ginearál trí réalta é Kim, a bhfuil taithí shuntasach aige i gceannas ar fhórsaí speisialta DPDC ar a dtugtar freisin an 11ú Cór. Bhí sé i láthair ag seacht n-imeacht ar a laghad le ceannaire DPDC, Kim Jong Un, in 2024, rud a thugann le fios go bhfuil ról tábhachtach aige in arm DPDC. Tá Kim Yong Bok ag cur chun feidhme, dá bhrí sin, gníomhaíochtaí agus beartais, agus tá sé ag tacú leo, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1869.	NO Kwang Chol Cóiréis: 노광철	Feidhm: Aire Cosanta Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré Dáta breithe: 1956 Áit bhreithe: Nampo City, An Chóiré Thuaidh Náisiúntacht: An Chóiré Thuaidh Inscne: fireann	Is é Kwang Chol Aire Cosanta Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC). Ina phost, tá baint dhíreach aige leis an gcomhar míleata idir DPDC agus Cónaidhm na Rúise, lena n-áirítear saighdiúirí DPDC a imscaradh i gCónaidhm na Rúise chun tacú le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Nó Kwang Chol ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1870.	Niels TROOST ar a dtugtar freisin Niels Oscar TROOST	Feidhm: Trádálaí Tráchtearraí (ola, grán) Dáta breithe: 27.11.1969 Náisiúntacht: Ísiltíreach Inscne: fireann Daoine aonair a bhfuil baint acu le: — Maurice Taylor — Michel Tuor — Robin Luisier Eintitis chomhlachaithe: — Paramount Energy and Commodities SA (PECSA) — Paramount Energy and Commodities DMCC a.k.a. بارامونت إنرجي أند كوموديتيز م.د.م. — Livna Shipping — BAP LTD — Cesco Holding SA	Is duine gnó Ollannach é Niels Troost agus is é an t-aon scairshealbhóir de EZI-DIAROC é. Is é EZI-DIAROC an t-aon scairshealbhóir in Paramount Energy and Commodities SA (PECSA). Rialaíonn PECSA an chuideachta Paramount Energy and Commodities DMCC (Paramount DMCC), fochuideachta atá bunaithe in Dubai. I mí an Mheithimh 2022, ghlac Paramount DMCC seilbh ar ghnó ola PECSA i ndáil leis an Rúis agus lean sé ar aghaidh leis gan bhriseadh, rud a léiríonn go ndéanann PECSA dlúthrialú díreach oibríochtúil agus straitéiseach ar a fhochuideachtaí, Paramount DMCC. Rinne DMCC amhola na Rúise a thrádáil arís agus arís eile os cionn na caidhpe praghais ola ó tugadh isteach an chaidhp sin. Thairis sin, tá Niels Troost cleamhnaithe le Livna Shipping Ltd, a bhí ag trádáil amhola os cionn na caidhpe praghais ola ó tugadh isteach an chaidhp sin. Trína úinéireacht ar Paramount DMCC, trína struchtúr rialaithe ar Paramount DMCC agus trína chleamhnacht le Livna Shipping Ltd, d'éascaigh Niels Troost sáruithe an toirmisc ar dhul timpeall ar fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus Cinneadh 2014/512/CBES.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1871.	Larisa Aleksandrovna DOLINA Rúisis: Лариса Александровна ДОЛИНА ar a dtugtar freisin Larisa KUDELMAN (КУДЕЛЬМАН) ar a dtugtar freisin Larisa MIONCHINSKAYA (МИОНЧИНСКАЯ)	Feidhm: Amhránaí agus aisteoir Dáta breithe: 10.9.1955 Áit bhreithe: Baku, iarAPSS (an Asarbaiseáin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is amhránaí agus aisteoir Rúiseach í Larisa Dolina. Ó thús chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin is minic a thacaigh Dolina le gníomhaíochtaí na Rúise a chuireann iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine i mbaol. Chuige sin, d'oibrigh Dolina le hAireacht Cosanta na Rúise agus threoraigh sí feachtais siamsaíochta thar ceann rialtas na Rúise chun luach saothair a thabhairt do phearsana míleata na Rúise as a rannpháirtíocht i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Thairis sin, thug sí ceolchoirmeacha poiblí i réigiún Donbas atá faoi fhorghabháil na Rúise i gcomhar le Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tacaíonn sí le gníomhaíochtaí na Rúise ar bagairt iad ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine agus tacaíonn sí le rialtas na Rúise i ndáil leis an gcogadh foghach ar an Úcráin.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1872.	Li XIAOCUI Sínis: 李晓翠 Rúisis: Софья ЛИ ar a dtugtar freisin Sophia Li ar a dtugtar freisin Sophia Lee ar a dtugtar freisin Sofya Li	Feidhm: Duine gnó Dáta breithe: 31.3.1982 Náisiúntacht: Síneach Insce: baineann Teileafón: 16.12.20248613483690451 Rphost: sophia@guang-xing.com, lixiaocui520@mail.ru, lixiaocui520@list.ru, hbgxmachinery_sophia@mail.ru Daoine aonair a bhfuil baint acu le: — Yulia Gutik (comhpháirtí gnó Bealarúiseach) — Arkady Kondratenko (comhpháirtí gnó Rúiseach) — Galkin Oleg Vladimirovich (comhpháirtí gnó Rúiseach) — Li Bin (comhpháirtí gnó Síneach) — Xiao Xiao/“Ella Li” (comhpháirtí gnó Síneach) Eintitis chomhlachaithe: — ARCLM International Trading Co. Ltd — Shijiazhuang Hanqiang Technology Co Ltd — Hebei Suofu Trading Co. Ltd. — Yiwu Haokui Electronic Firm — Yiwu Junmiao Textile Firm	Is pearsa gnó de chuid na Síne í Li Xiaocui (“Sophia Li”). Rialaíonn sí agus déanann sí ionadaíocht ar fhiontair ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ó Hong Cong atá ainmnithe ag an Aontas Eorpach as toirmisc ar imchéimniú chóras beart sriantach an Aontais a forchuireadh ar Chónaidhm na Rúise a shárú, eadhon ARCLM International Trading Co Ltd agus Shijiazhuang Hanqiang Technology Co. Áiríodh leis na sáruithe sin earraí liostaithe a onnmhairiú chuig Unimatik, gníomhaí mór i gCoimpléasc Tionsclaíoch Míleata na Rúise. Ar an gcaoi sin, d’éascaigh Li Xiaocui sáruithe an toirmisc ar theacht timpeall ar chóras beart sriantach an Aontais a forchuireadh ar Chónaidhm na Rúise agus, dá bhrí sin, chuir sé bac suntasach ar fhorálacha beart sriantach an Aontais atá ann cheana.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1873.	Artem Mikhaylovich YAMSHCHIKOV Rúisis: Артем Михайлович ЯМЩИКОВ	Feidhm: Pearsa gnó Dáta breithe: 11.10.1979 Cláruimhir: 381000781179 Suíomh: Irkutsk, iarAPSS (Cónaidhm na Rúise anois) Eintitis chomhlachaithe: — IEMZ Kupol — ООО TSK Vektor (ar a dtugtar freisin LLC TSK Vektor) — Xiamen Limbach Engine Co., Ltd — Redlepus TSK Vektor Industrial (Shenzhen) Co., Ltd — ООО Torgovyi Dom Vektor (INN: 3808184570)	Is é Artem Yamshchikov úinéir agus Ard-Stiúrthóir ООО TSK Vektor, cuideachta i gcoimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise. Ghníomhaigh ООО TSK Vektor mar idirghabhálaí idir IEMZ Kupol, ar fochuideachta í de chuideachta arm atá faoi úinéireacht stát na Rúise dar teideal Almaz-Antey, agus soláthróirí Síneacha a mhonaraíonn ladraínn ionsaitheacha fadraoin den chineál Garpiya-3 (G3), a fhorbraítear agus a tháirgtear lena n-úsáid i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Go háirithe, fuair ООО TSK Vektor comhpháirteanna ó Redlepus TSK Vektor Industrial (Shenzhen) Co., Ltd agus Juhang Aviation Technology Shenzhen Co. Limited, lena n-áirítear páirteanna ó Xiamen Limbach, eintiteas Síneach a tháirgeann innill ladraínn den chineál L550. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Artem Yamshchikov atá freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na ghníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2024
1874.	Nikolay Vitalyevich TKACHENKO Rúisis: Николай Витальевич ТКАЧЕНКО	Feidhm: Duine gnó Dáta breithe: 1978 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 773608049810	Is é Nikolay Tkachenko bainisteoir ginearálta Gazstroyprom JSC. Is cuideachta cheannródaíoch é Gazstroyprom JSC in earnáil fuinnimh na Rúise, a dhéanann tionscadail éagsúla chun gás nádúrtha a eastóscadh, a phróiseáil agus a iompar. Fostaíonn an chuideachta 95 000 duine agus tá sí gníomhach i ngach ceantar cónaidhme de Chónaidhm na Rúise. Soláthraíonn an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá baint ag Nikolay Tkachenko le cuideachta atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, an rialtas atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1875.	Ivan Nikolaevich KOZHEVNIKOV Rúisis: Иван Николаевич КОЖЕВНИКОВ	Feidhm: Duine gnó Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 130301391462	Is é Ivan Kozhevnikov Ard-Stiúrthóir Gazprom LNG Technologies LLC, cuideachta cheannasach in earnáil fuinnimh na Rúise. Ar na gníomhaíochtaí a dhéanann an chuideachta tá leachtú agus saibhriú gáis nádúrtha, chomh maith le tógáil stáisiún líonta criógineach. Soláthraíonn an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá baint ag Ivan Kozhevnikov le heintitis atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, an rialtas atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	16.12.2024
1876.	Aleksey Konstantinovich KAKHIDZE Rúisis: Алексей Константинович КАХИДЗЕ	Feidhm: Duine gnó Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 770704797795	Is é Aleksey Kakhidze Cathaoirleach Bhord Gobharnóirí Gazprom LNG Technologies LLC, cuideachta cheannasach in earnáil fuinnimh na Rúise. Ar na gníomhaíochtaí a dhéanann an chuideachta tá leachtú agus saibhriú gáis nádúrtha, chomh maith le tógáil stáisiún líonta criógineach. Soláthraíonn an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá baint ag Aleksey Kakhidze le heintitis atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, an rialtas atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	16.12.2024
1877.	Yuriy Vasilyevich SHAMALOV Rúisis: Юрий Васильевич ШАМАЛОВ	Feidhm: Duine gnó Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 770970305250	Is é Yuriy Shamalov Stiúrthóir Ginearálta Gazprom Flot LLC, mórchuideachta in earnáil fuinnimh na Rúise. Ar ghníomhaíochtaí na cuideachta tá seirbhísí druileála a bhaineann le táirgeadh ola agus gáis, chomh maith le hiompar agus athghású gáis nádúrtha leachtaithe, tógáil agus oibriú rigí druileála ar snámh agus soithí speisialaithe. Soláthraíonn an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá baint ag Yuriy Shamalov le heintiteas atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, rialtas atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1878.	Mikhail Lvovich PODVYAZNIKOV Rúisis: Михаил Львович ПОДВЯБНИКОВ	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC “North Western Regional Center of Almaz Antey Concern Obukhovsky Plant”; ar a dtugtar freisin JSC “Obukhov Plant” Dáta breithe: 15.7.1958 Áit bhreithe: Leningrad, iarAPSS (dá ngairtear anois Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ard-Stiúrthóir JSC “North Western Regional Center of Almaz Antey Concern Obukhovsky Plant” is ea Mikhail Podvyaznikov. Tá JSC “North Western Regional Center of Almaz Antey Concern Obukhovsky Plant” ar cheann de na fiontair is mó i dtionscal cosanta na Rúise agus táirgeann sé córais armán agus trealamh míleata. Soláthraíonn sé trealamh cumarsáide, córais aerchosanta agus diúracáin a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, ina ról mar Ard-Stiúrthóir JSC “North Western Regional Center of Almaz Antey Concern Obukhovsky Plant”, tá Mikhail Podvyaznikov ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2024
1879.	Oleg Nikolaevich RYAZANTSEV Rúisis: Олег Николаевич РЯЗАНТЦЕВ	Feidhm: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin “NPO Vysokotochnye Kompleksy” (High Precision Systems) Dáta breithe: 16.4.1982 Áit bhreithe: Zhukovsky, réigiún Mhoscó, iarAPSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cáiníocóra: 501305932405 Eintiteas comhlachaithe: JSC “NPO Vysokotochnye Kompleksy” (High Precision Systems) - 119019 Moscó, b-r Gogolevskii 21 (bld. 1)	Tá Oleg Ryazantsev, iar-Leas-Aire Tionscail agus Trádála Chónaidhm na Rúise, ag gníomhú mar Phríomhfheidhmeannach ar JSC na Rúise “NPO Vysokotochnye Kompleksy” (High Precision Systems) ó mhí na Samhna 2022. Is forbróir agus monaróir arm Rúiseach é High Precision Systems. Is cuideachta ceannródaíoch é i dtáirgeadh córas diúracán balaistíoch oirbheartaíochta sa Rúis. Is fochuideachta de chuid na Corparáide Stáit “Rostec” é High Precision Systems. Tá úsáid á baint as armáin arna dtairgeadh ag High Precisions Systems i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, mar Ard-Stiúrthóir ar High Precision Systems, tá Oleg Ryazantsev ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2024’.

Eintitis	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘478.	Limited Liability Company Gumich RTK Rúisis: ОБЩЕСТВО С ОГРАНИЧЕННОЙ ОТВЕТСТВЕННОСТЬЮ “ТУМИЧ РТК” ar a dtugtar freisin LLC Gumich RTK ar a dtugtar freisin ООО Gumich RTK ar a dtugtar freisin ООО “ТУМИЧ РТК”	Seoladh: Varshavskoe 28A, Moscó, Cónaidhm na Rúise An cineál eintitis: Cuideachta faoi dhliteanas teoranta Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise Cláruimhir: 1227700009349 Uimhir Aitheantais Chánach: 9726005407 Duine aonair a bhfuil baint acu le: Fedor Fedorovich Potekhin (Stiúrthóir Ginearálta) Faisnéis eile aitheantais: Limited Liability Company Gumich (máthairchuideachta)	Is cuideachta Rúiseach í LLC Gumich RTK a tháirgeann ardáin róibait Impulse-M, a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus a ndearna Fórsaí Armtha na Rúise tástáil allamuigh orthu cheana féin ó shamhradh 2024. Dá bhrí sin, tá LLC Gumich RTK ag tacú, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí ar bagairt iad ar iomláine chríochach na hÚcráine.	16.12.2024
479.	Limited Liability Company Gumich Rúisis: ОБЩЕСТВО С ОГРАНИЧЕННОЙ ОТВЕТСТВЕННОСТЬЮ “ТУМИЧ” ar a dtugtar freisin LLC Gumich ar a dtugtar freisin ООО Gumich ar a dtugtar freisin ООО “ТУМИЧ”	Seoladh: Varshavskoe 28A, Moscó, Cónaidhm na Rúise An cineál eintitis: Cuideachta faoi dhliteanas teoranta Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise Cláruimhir: 1187746509081 Uimhir Aitheantais Chánach: 9709032552 Duine aonair a bhfuil baint acu le: Alexander Valerievich Gavrillov (Stiúrthóir Ginearálta) Faisnéis eile aitheantais: Limited Liability Company Gumich RTK (fochuideachta)	Is cuideachta Rúiseach é LLC Gumich, a bhfuil an chuideachta LLC Gumich RTK go hiomlán faoina úinéireacht. Is cuideachta Rúiseach é LLC Gumich RTK a tháirgeann ardáin róibait Impulse-M, a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus a ndearna Fórsaí Armtha na Rúise tástáil allamuigh orthu cheana féin ó shamhradh 2024. Mar úinéir LLC Gumich RTK, tá LLC Gumich ag tacú, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí ar bagairt iad ar iomláine chríochach na hÚcráine.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
480.	Limited Liability Company Investnefttrade Rúisis: ОБЩЕСТВО С ОГРАНИЧЕННОЙ ОТВЕТСТВЕННОСТЬЮ “ИНВЕСТНЕФТТРЕЙД” ar a dtugtar freisin Investnefttrade ar a dtugtar freisin Investnefttreyd ar a dtugtar freisin ООО “ИНВЕСТНЕФТТРЕЙД” ar a dtugtar freisin ИНВЕСТНЕФТТРЕЙД	Seoladh: Trubnaya 28, Moscó, Cónaidhm na Rúise An cineál eintitis: Limited Liability Company Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise Cláruimhir: 5157746030976 Uimhir Aitheantais Chánach: 7729481489 Duine aonair a bhfuil baint acu le: Pavel Vladimirovich Babin (Stiúrthóir Ginearálta)	Is cuideachta Rúiseach é LLC Investnefttrade a iompraíonn amhola agus táirgí ola ar muir, lena n-áirítear chun críoch onnmhairithe. Soláthraíonn an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, is eintiteas é LLC Investnefttrade atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, an rialtas atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	16.12.2024
481.	Limited Liability Company Prime Shipping Rúisis: Общество с Ограниченной Ответственностью “Прайм Шиппинг” ar a dtugtar freisin Prime Shipping ar a dtugtar freisin Praitm Shipping ar a dtugtar freisin ООО “Прайм Шиппинг” ar a dtugtar freisin. Прайм Шиппинг	Seoladh: Maxim Gorky 78, Samara, Cónaidhm na Rúise An cineál eintitis: Limited Liability Company Áit chlárúcháin: Samara, Cónaidhm na Rúise Cláruimhir: 1056317028350 Uimhir Aitheantais Chánach: 6317060306 Duine aonair a bhfuil baint acu le: Igor Alexandrovich Ganin (Stiúrthóir Ginearálta)	Is cuideachta Rúiseach é LLC Prime Shipping a iompraíonn amhola agus táirgí ola ar muir, lena n-áirítear chun críoch onnmhairithe. Soláthraíonn an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, is eintiteas é LLC Prime Shipping atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, rialtas atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
482.	State Corporation “Donbass Development Corporation” Rúisis: ГОСУДАРСТВЕННЫЙ КОНЦЕРН “КОРПОРАЦИЯ РАЗВИТИЯ ДОНБАССА” ar a dtugtar freisin Donbass Development Corporation ar a dtugtar freisin ГК “КОРПОРАЦИЯ РАЗВИТИЯ ДОНБАССА” ar a dtugtar ar a dtugtar freisin КОРПОРАЦИЯ РАЗВИТИЯ ДОНБАССА	Seoladh: Maryinskaya 1, Donetsk, Ukraine An cineál eintitis: Corparáid stáit Áit chlárúcháin: Donetsk, an Úcráin Cláruimhir: 1229300132104 Uimhir Aitheantais Chánach: 9303024230 Duine aonair a bhfuil baint acu le: Andrey Yurievich Kalyuzhny (Cathaoirleach gníomhach an Bhoird)	Is eintiteas é State Corporation “Donbass Development Corporation” a bhunaigh Daon-Phoblacht Donetsk, mar a thugtar uirthi, chun forbairt eacnamaíoch an réigiúin sin san Úcráin atá faoi fhorghabháil ag an Rúis a áirithiú. Tá an chorparáid ag éascú infheistíocht idirnáisiúnta sa réigiún freisin agus tá sí freagrach as tionscadail a chur i bhfeidhm a bhaineann le bonneagar a thógáil sa réigiún faoi fhorghabháil, agus é mar aidhm an réigiún a chomhtháthú a thuilleadh sa Rúis. Dá bhrí sin, tá State Corporation “Donbass Development Corporation” ag tacú, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2024
483.	Joint Stock Company Scientific Production Enterprise “Aerosila” Rúisis: Акционерное Общество “Научно-Производственное Предприятие ‘Аэросила’” (НПП Аэросила) ar a dtugtar freisin Aerosila JSC SPE ar a dtugtar freisin NPP Aerosila PAO	Seoladh: 142800, Cónaidhm na Rúise, Stupino, Zhdanov Str., 6 An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 22.1.1993 (dáta cláraithe stáit 16.6.2002) Cláruimhir: 1025005917023 Uimhir Aitheantais Chánach: 5045002261 KPP: 504501001 Ríomhphost: vint@aerosila.ru Teileafón: (496) 642-33-30, 642-80-85 Suíomh gréasáin: http://www.aerosila.ru Duine aonair a bhfuil baint acu le: Pavel Gennadievich Tochilin (Stiúrthóir Ginearálta) (Uimhir Aitheantais Chánach: 504501388297)	Is forbróir agus monaróir páirteanna aerárthaí éagsúla, amhail innill, lián agus gaothráin, Rúiseach é JSC SPE “Aerosila”. Soláthraíonn JSC SPE “Aerosila” a chuid táirgí do na monaróirí eitleóichta intíre. Úsáidtear táirgí na cuideachta chun aerárthaí míleata a chruthú a úsáideann Fórsaí Aerspáis na Rúise i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Mar shampla, tá an t-aonad cumhachta APD-115T san aerárthach gan fhoireann Orion feistithe le lián AV-115, arna mhonarú ag JSC SPE “Aerosila”. Ina theannta sin, tá ceart speisialta ag Cónaidhm na Rúise (“sciar órga”) chun páirt a ghlacadh i rialú JSC SPE “Aerosila”, rud a d’fhágfadh go mbeadh ceart cinntitheach vótála ag Cónaidhm na Rúise, ar na scairsealbhóirí eile agus cinntí móra á nglacadh aici. Dá bhrí sin, tacaíonn JSC SPE “Aerosila” le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
484.	Limited Liability Company Scientific Production Association “Izhevsk Unmanned Systems” Rúisis: Общество с Ограниченной Ответственностью “Научно-Производственное Объединение ‘Ижевские Беспилотные Системы’” ar a dtugtar freisin ООО “НПО ‘ИЖБС’” ar a dtugtar freisin ИЖБС ar a dtugtar freisin IUS; ООО NPO IzhBS ar a dtugtar freisin NPO Izhmash ar a dtugtar freisin NPO Izhevskiyе Bepilotnye Sistemy ООО ar a dtugtar freisin Izhevksy Unmanned Systems ar a dtugtar freisin Izhmash Unmanned Systems ar a dtugtar freisin Izhevsk Unmanned Systems Research and Production Associated Limited Liability Company ar a dtugtar freisin LLC Research and Production Association Izhevsk Unmanned Systems	Seoladh: 115432, Cónaidhm na Rúise, Moscó, Trofimova Str., 2A, Room. 221 Seoladh: 426063, Cónaidhm na Rúise, Poblacht Udmurt, Izhevsk, Ordzhunikidze Str., 2 An cineál eintitis: Cuideachta faoi dhliteanas teoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 25.10.2006 Cláruimhir: 1061831040688 Uimhir Aitheantais Chánach: 1831117433 KPP: 772501001 Ríomhphost: info@izh-bs.ru Teileafón: 16.12.20247 (3412) 43-01-11, 16.12.20247 (939) 875-00-17 Suíomh gréasáin: www.izh-bs.ru, www.izh-bs Eintiteas comhlachaithe: JSC Kalashnikov Concern (cuideachta sealbhaíochta) (cláruimhir: 1111832003018)	Is cuideachta Rúiseach é LLC SPA “Izhevsk Unmanned Systems” a dhéanann aerárthaí gan foireann, trealamh speisialta, táirgí eolaíocha agus teicniúla a fhorbairt, a tháirgeadh, a dheisiú agus a chothabháil. Tá an chuideachta rannpháirteach go gníomhach in earnáil aerárthaí gan foireann na Rúise (mar shampla, forbraíonn sí teicneolaíochtaí agus tástálacha agus réachtálann sí sainioliúint freisin) agus dá bhrí sin tacaíonn sí go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Chruthaigh LLC SPA “Izhevsk Unmanned Systems” ladraínn mhíleata den chineál “Granat”, “Tachyon” agus “Kub”, a mbaineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid astu i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá an chuideachta ag tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, is fochuideachta de JSC Kalashnikov Concern (forbróir agus monaróir trealaimh airm) é LLC SPA Izhevsk Unmanned Systems. Tá baint aige, dá bhrí sin, le JSC Kalashnikov Concern.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
485.	JSC “Kaluga Research Institute of Radio Engineering” Rúisis: АО “Калужский научно-исследовательский радиотехнический институт” ar a dtugtar freisin JSC “KNIRTI” ar a dtugtar freisin АО “KNIRTI”	Seoladh: 249192, Cónaidhm na Rúise, Kaluga Region, Zhukovsky District, 1 Zhukov City, Zhukov, Lenin Street, 2 An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 28.6.2012 Cláruimhir: 1124011001058 Uimhir Aitheantais Chánach: 4007017378 KPP: 400701001 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Faisnéis bhreise: JSC “KRET” (Cuideachta chomhlachaithe)	Tá JSC “Kaluga Research Institute of Radio Engineering” (JSC KNIRTI) freisin, ar cheann de na príomhchuideachtaí míleata-tionsclaíocha i réigiún Kaluga. I measc gníomhaíochtaí eile, déanann sé taighde, forbairt agus táirgeadh ar uirlisí loingseoireachta, meitéareolaíochta, geodasacha, geoifisiceacha, agus radair, trealamh loingseoireachta raidió agus trealamh cianrialaithe raidió, lena n-áirítear Khibiny, córas cogaíochta leictreonaí do aerárthaí troda a úsáidtear i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá JSC KNIRTI cleamhnaithe le JSC KRET, cuideachta atá freagrach as airm agus trealamh míleata a tháirgeadh chomh maith le leictreonaic raidió. Tá lógó oifigiúil JSC KNIRTI cosúil le lógó paitinnithe JSC KRET. Tá faisnéis faoin Khibiny ar shuíomh gréasáin oifigiúil JSC KRET, a tháirgeann JSC KNIRTI. Thairis sin, tá lógó paitinnithe JSC KRET ar lógó oifigiúil JSC KNIRTI. Dá bhrí sin, tá JSC KNIRTI freagrach as tacú go hábhartha agus ó thaobh airgeadais de le cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá sé JSC KNIRTI rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Tá sé comhlachaithe freisin le JSC KRET.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
